AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA BAINNE

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2007

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA BAINNE

Bhunaigh an tOireachtas an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne chun rialáil a dhéanamh ar fud an Stáit ar sholáthar bainne lena ól ina leacht de réir fhorálacha Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Do: An tUas. Breandán Mac Gabhann, TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne don bhliain 2007 a thíolacadh de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Ba bhliain thábhachtach í an bhliain seo caite i dtaca le tionscadal déiríochta na hÉireann. Mar gheall ar éileamh domhanda méadaithe ar tháirgí déiríochta, in éineacht le soláthairtí srianta bainne ar bhonn idirnáisiúnta agus le leibhéil ísle fardail, tháinig méaduithe móra, nach raibh a leithéid ann roimhe, ar phraghsanna ar tháirgí onnmhairithe. Dá bharr sin, idir Aibreán agus Meán Fómhair, tháinig méadú os cionn 50% ar na praghsanna míosúla a bhí ar tháirgeoirí sa Stát a íoc i leith bainne monarúcháin.

Bhí idirthréimhse ann, áfach, sula raibh na praghsanna onnmhairithe níos airde sin le feiceáil i bpraghsanna ar tháirgí déiríochta, lena n-áirítear bainne úr, a dhíoltar sa mhargadh baile agus sna praghsanna bainne a íoctar leis an gcuid is mó táirgeoirí bainne leachtaigh. Maidir le táirgeoirí bainne leachtaigh a bhfuil a gcuid praghsanna nasctha le praghsanna bainne monarúcháin, fuair siad an tairbhe as sin níos túisce ná mar a tharla i gcás táirgeoirí a íoctar faoi na córais chothromphraghsanna bainne.

Sa bhliain féilire 2007, ina n-áirítear an chéad trí mhí de bhliain bhainne 2007/08, tháinig méadú ar an meánphraghas táirgeora le haghaidh tomhailt bainne leachtaigh go dtí an leibhéal is airde riamh, is é sin le rá, 35.28 c/lítear, sin méadú 4.77 c/lítear nó 16% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Mar gheall ar mhoilleanna, áfach, thit an difreálach idir an meánphraghas bliantúil táirgeoirí ar bhainne le haghaidh tomhailt leachtach agus an meánphraghas measta táirgeoirí ar bhainne monarúcháin go dtí 3.15 c/lítear, is é sin le rá, an figiúr ab ísle riamh.

I gcás táirgeoirí, próiseálaithe agus dáileoirí, d'fhulaing siad go léir méaduithe suntasacha ina leibhéil chostais sa bhliain 2007, rud a tharla mar gheall ar phraghsanna níos airde fuinnimh agus tráchtearraí.

Cé gur tháinig méadú 2%, go dtí 577 milliún lítear, thit sciar na soláthairtí baile bainne sa mhargadh bainne úir go dtí 81% ach, ag an am céanna, tharla méadú, go dtí 19%, ar sciar na soláthairtí bainne allmhairithe, idir bhainne i mbulc agus bhainne pacáistithe.

Sa bhliain 2008, leanadh den laghdú ar phraghsanna idirnáisiúnta ar tháirgí déiríochta, ar laghdú é a tháinig chun cinn sa ráithe dheiridh den bhliain 2007, agus, dá bharr sin, rinneadh creimeadh ar na méaduithe go léir a tharla sa bhliain 2007 i gcás praghsanna ar tháirgeadh tráchtearraí.

Tá ardú ar chostais fuinnimh agus ar chostais eile tar éis leanúint ar aghaidh isteach sa bhliain 2008 agus beidh tionchar dochrach aige sin ar chorrlaigh táirgeoirí, próiseálaithe agus dáileoirí.

Maidir le praghsanna táirgeora ar bhainne monarúcháin, a coimeádadh ag leibhéal cobhsaí ó Dheireadh Fómhair, thosaigh siad ag titim in Aibreán 2008.

Is ionann an méadú 2% ar chuóta bainne na hÉireann ó thús mhí Aibreáin agus coigeartú riachtanach chun déileáil le timpeallachta athraithe margaidh.

Tá todhchaí dhearfach ann i gcónaí sa mheántéarma do mhargaí déiríochta mar gheall ar an éileamh méadaitheach domhanda agus mar gheall ar sholáthar srianta bainne sa domhan.

Cláir

Sa bhliain bhainne 2006/07, bhí 2,079 gconradh soláthair bainne arna gclárú leis an nGníomhaireacht i gcomhair soláthairtí bainne 432 mhilliún lítear lena phróiseáil lena ól ina leacht; b'ionann sin agus laghdú 203 chonradh agus 6 mhilliún lítear i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Conarthaí

Bhí 1,908 gconradh soláthair bainne 'ar fud na bliana' (AYR) ann agus ceannaíodh 423 mhilliún lítear bainne fúthu; is ionann sin agus 92% de na conarthaí go léir agus is ionann é agus 98% de na soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi gach cineál conartha. Tháinig laghdú 196, nó 9%, ar líon na gconarthaí AYR.

171 a bhí sa líon conarthaí geimhridh, ar figiúr é atá comhionann le 8% de na conarthaí agus 2% de na soláthairtí bainne. Tháinig laghdú 7, nó 4%, ar líon na gconarthaí geimhridh.

Faoi na conarthaí AYR, leanadh ar aghaidh leis an gCóras Cothromphraghais mar phríomhchóras praghsála le haghaidh soláthairtí cláraithe bainne agus cuireadh i bhfeidhm é i ndáil le 76% de na conarthaí agus i ndáil le 68% de na soláthairtí bainne. Cuireadh Córas Phraghas an Bhainne Monarúcháin móide Bónas i bhfeidhm i gcás 24% de na conarthaí agus i gcás 32% de na soláthairtí bainne.

Praghsanna ar Bhainne

Sa bhliain bhainne 2006/07, ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh ar bhainne, gan cáin bhreisluacha a áireamh, faoin 1,908 gconradh AYR ná 32.11 c/lítear, sin méadú 1.55 c/lítear nó 5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Maidir leis na conarthaí AYR, i gcomparáid le 2 c/lítear an bhliain roimhe sin, tháinig laghdú go dtí 0.4 c/lítear ar an difreálach idir an meánphraghas a íocadh faoin gCóras Cothromphraghais agus an meánphraghas 31.85 c/lítear a íocadh faoi Córas Phraghas an Bhainne Monarúcháin móide Bónas, rud a léiríonn an méadú bunúsach ar phraghsanna míosúla ar bhainne monarúcháin idir Aibreán agus Meán Fómhair.

Tomhailt agus Miondíol

Maidir le tomhailt bainne úir ar an margadh baile sa bhliain 2007, tháinig méadú beagnach 2% air go dtí 577 milliún lítear. Bhí tomhailt per capita bainne leachtaigh úir sa Stát sa tríú háit is airde i gcónaí i measc thíortha an AE.

Lean díolacháin bainne beagmhéathrais agus bainne bhearrtha d'ionad díolachán bainne gan bhearradh a ghlacadh agus d'fhás sciar margaidh na ndíolachán céadluaite go dtí 29% anuraidh.

Leanadh den chomhdhlúthú ar mhargadh grósaeireachta na hÉireann agus tá trí mhór-ilghrúpa i gceannas ar beagnach 70% den mhargadh anois.

Leanadh den laghdú ar dhíolacháin leac an dorais agus níl iontu ach méid is lú ná 6% de na díolacháin bhainne úir i gcomparáid le méid is mó ná 30% deich mbliana ó shin.

Mar tháirge do thomhaltóirí, tá bainne úr ina mhargadh an-mhaith i gcónaí ó thaobh praghais de d'ainneoin gur tháinig méadú 7% ar an meánphraghas bliantúil miondíola sa bhliain 2007.

Ón mbliain 1995 i leith, tá laghdú 2%, i dtéarmaí réadacha, tagtha ar mheánphraghas bliantúil miondíola bainne gan bhearradh i bpacaí aon lítir.

Sa bhliain 2007, bhí bainne féinlipéid lascainithe i bpacaí 2 lítear á mhiondhíol ar phraghsanna a bhí 16% níos lú, i dtéarmaí ainmniúla, ná an praghas a bhí ann sa bhliain 1995, is é sin le rá, 43% níos lú, i dtéarmaí réadacha, ná an praghas sin.

Allmhairí Bainne

Anuraidh, ba é a bhí sa mhéid amh-bhainne a allmhairíodh lena phróiseáil sa Stát ag uachtarlanna agus ag paistéaraithe ná 473 mhilliún lítear, sin laghdú 93 mhilliún lítear nó 16% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Maidir leis na hallmhairí bainne sin, ó Thuaisceart Éireann is mó a tháinig siad agus b'ionann a méid agus 9% de na soláthairtí bliantúla baile bainne agus 25% de sholáthairtí bliantúla bainne Thuaisceart Éireann i gcomparáid le 11% agus 30% faoi seach sa bhliain roimhe sin.

Ba é a bhí i méid na n-allmhairí lena bpróiseáil ina dtáirgí déiríochta monaraithe ná 87% de na hallmhairí sin agus ba é a bhí i méid na n-allmhairí lena bpróiseáil agus lena bpacáil lena ól ina leacht sa Stát ná 13%.

Maidir le hallmhairí bainne lena ól ina leacht (lena n-áirítear allmhairí bainne leachtaigh phacáistithe), b'ionann a méid agus 112 mhilliún lítear ar allmhairí bainne lena phróiseáil 55% díobh agus allmhairí bainne leachtaigh i bhfoirm phacáistithe 45% díobh, rud a léiríonn méadú 8 milliún lítear nó 8% i gcomparáid le líon na n-allmhairí sa bhliain roimhe sin.

Maidir leis an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí bainne lena ól ina leacht, i mbulc agus pacáistithe araon, tháinig méadú air go dtí 19% den mhargadh baile le haghaidh bainne úir i gcomparáid le 18% an bhliain roimhe sin.

An Earnáil Déiríochta

Cé go raibh soláthairtí baile bainne, ina raibh 5,090 milliún lítear sa bhliain 2007, thart ar an leibhéal céanna leis an mbliain 2006, tháinig laghdú beagnach 8%, go dtí 20,192, ar líon na dtáirgeoirí gníomhacha bainne agus tháinig méadú, go dtí 252,000 lítear, ar na meánsoláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an táirgeora.

Tháinig méadú ar phraghsanna táirgeora ar sholáthairtí bainne monarúcháin ar mhodh meánbhreisithe míosúla tuairim is 2 c/lítear idir Aibreán agus Meán Fómhair, is é sin le rá, méadú go dtí tuairim is 37 c/lítear agus bhí an leibhéal sin ann go dtí deireadh na bliana. Meastar gur tháinig méadú 6.8 c/lítear, nó 27%, go dtí 32.1 c/lítear ar an meánphraghas táirgeora ar bhainne monarúcháin sa bhliain 2007.

Mar gheall ar phraghsanna táirgeora níos airde ar bhainne, fritháiríodh an tionchar dochrach a bhain le costais ionchuir níos airde ar bheatha, ar leasacháin, ar fhuinneamh agus ar shaothar, agus, dá bharr sin, bhí ceann de na blianta ab fhearr riamh ag feirmeoirí déiríochta na hÉireann.

De bharr na gcostas níos airde a bhain le táirgeadh bainne ar fud na bliana agus de bharr thráth na méaduithe ar phraghsanna bainne, d'fhulaing an chuid is mó táirgeoirí cláraithe bainne corrlaigh choibhneasta níos ísle.

Rinneadh an ceathrú céim d'íocaíochtaí préimhe déiríochta an AE, mar chúiteamh i leith an laghdaithe ar phraghsanna tacaíochta idirghabhála agus arbh fhiú 3.65 c/lítear iad, a ionchorprú san Íocaíocht Feirme Aonair a íocadh le gach faighteoir cáilithe i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag.

Airgeadas

Ba é a bhí in ioncam iomlán na Gníomhaireachta anuraidh ná €633,339, sin méadú €19,191 nó 3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú €1,517 nó méid is lú 1% ar ioncam ó thobhaigh bhainne €584,881, arb ionann iad agus 92% den ioncam iomlán, agus tháinig méadú €17,674 nó 57% ar ioncam eile.

Bhí méadú €17,546 nó 3% ann i gcás costas oibríochta €626,311. Maidir le costais phearsanra agus costais ghaolmhara, arb é atá iontu ná 72% de na costais iomlána, tháinig méadú €17,606 nó 4% orthu ach tháinig laghdú €766 nó 4% ar chostais airgid eile.

Bhí barrachas oibríochta €7,028 ann mar gheall ar an bhfarasbarr idir ioncam €633,339 agus costais €626,311 agus, dá bharr sin, tháinig méadú go dtí €720,906 ar an gCiste Carnaithe ag deireadh na bliana.

Ba é a bhí sa Chiste Carnaithe €720,906 ag deireadh na bliana ná airgead tirim agus taiscí (glan ar dhliteanais chreidiúnaithe agus dliteanais aoisliúntais) arbh é a bhí ann ná suim €610,263, féichiúnaithe €105,762 agus sócmhainní dochta €4,881.

Comhaltas/Cruinnithe na Gníomhaireachta

Bhí seacht gcruinniú ag an nGníomhaireacht i rith na bliana agus 87% a bhí sa chóimheas freastail.

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Iniúchta i rith na bliana.

Comhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit comhlíonta go hiomlán ag an nGníomhaireacht.

Chomhlíon an Ghníomhaireacht ceanglais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, maidir le híocaíocht a dhéanamh laistigh de 30 lá ó shonraisc a fháil.

Conclúid

Is mór ag an nGníomhaireacht an cúnamh agus an comhoibriú a thug próiseálaithe bainne leachtaigh agus comhlachtaí ionadaitheacha táirgeoirí, próiseálaithe, tomhaltóirí, miondíoltóirí agus dáileoirí i rith na bliana.

Is mór ag an nGníomhaireacht freisin an tacaíocht agus an chomhairle a fuarthas ó oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh & Bia agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit.

Thar mo cheann féin, gabhaim buíochas le comhaltaí na Gníomhaireachta as a saothar agus as a gcomhairle chríonna agus le Muiris agus le foireann na Gníomhaireachta as a gcuid oibre agus as a dtiomantas.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Cathaoirleach

Donncha Ó Murchú

Ionadaithe na dTáirgeoirí

*Éamann Ó Bré**

Cormac Ó Cuinneáin

Dónall Ó Ceileachair

Pádraig Ó Maolagáin

Dónall Ó Murchú

Ionadaithe na bPróiseálaithe

*Seoirse Ó Ciaráin**

Seán Ó Ceallacháin

Antaine Ó Drisceoil

Proinsias Tóbín

Ionadaithe na dTomhaltóirí

*Risteard Ó Donnchú**

Micheál Mac Giolla Chaoin

Ionadaí na nDáileoirí

Uaitéar Ó Maoldhomhnaigh

Ionadaí na Miondíoltóirí

Seán Foster

Cathaoirleach:	Donncha Ó Murchú*
Ionadaithe na dTáirgeoirí:	Éamann Ó Bré* Cormac Ó Cuinneáin Dónall Ó Ceileachair Pádraig Ó Maolagáin Dónall Ó Murchú
Ionadaithe na bPróiseálaithe:	Seoirse Ó Ciaráin* Seán Ó Ceallacháin Antaine Ó Drisceoil Proinsias Tóbín
Ionadaithe na dTomhaltóirí:	Risteard Ó Donnchú* Micheál Mac Giolla Chaoin
Ionadaí na nDáileoirí:	Uaitéar Ó Maoldhomhnaigh
Ionadaí na Miondíoltóirí:	Seán Foster

** Comhaltaí an Choiste Iniúchta*

Príomhfheidhmeannach:	Muiris Ó Céidigh
Rúnaí:	Siobhán Uí Sheanáin
Oifig:	Teach IPC, 35/39 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Ríomhphost:	natmilk@eircom.net
Aturnae:	Frank Mulvey Frank Mulvey Solicitors, Morrison Chambers, 32 Sráid Thobar Phádraig, Baile Átha Cliath 2.
Baincéirí:	**Banc-Aontas Éireann cpt** Bankcentre Branch, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
	Bank of Scotland (Ireland) Ltd Bank of Scotland House, 124-127 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Iniúchóir:	**Deloitte & Touche** Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

CLÁR

1.	Soláthairtí Bainne	10
2.	An Margadh Bainne Leachtaigh	15
3.	Conarthaí Cláraithe/Praghsanna	17
4.	Próiseálaithe	23
Aguisín1 1	Cruinnithe de chuid na Gníomhaireachta	24
Aguisín1 2	Clár na dTáirgeoirí/Soláthairtí Bainne	25
Aguisín1 3	Difreálaigh Phraghais	26
Aguisín1 4	Struchtúr Sholáthairtí Bainne na dTáirgeoirí Cláraithe	27
Aguisín1 5	Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais	29
Aguisín1 6	Reachtanna agus Ionstraimí Reachtúla a bhaineann leis an nGníomhaireacht	41

Muiris Ó Céidigh
Príomhfheidhmeannach

1. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

1.1 Soláthairtí Baile Bainne

Bhí soláthairtí baile bainne d'uachtarlanna agus do phaistéaraithe, ina raibh 5,090 milliún lítear sa bhliain 2007, thart ar an leibhéal céanna leis an mbliain 2006. Tháinig laghdú 8%, go dtí 20,197, ar líon na dtáirgeoirí gníomhacha bainne. Tháinig méadú 9%, go dtí 252,000 lítear, ar na meánsoláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an táirgeora.

Rinneadh 91% de na soláthairtí baile bainne a úsáid chun táirgí déiríochta a mhonarú, ar táirgí iad a raibh a bhformhór díobh le honnmhairiú, agus próiseáladh 9% de na soláthairtí mar bhainne lena ól ina leacht ar an margadh baile.

FÍOR. 1.0 ÚSÁID SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE 2007



Ba shaintréith de chuid soláthairtí baile bainne i gcónaí an pátrún suntasach séasúrach táirgeachta atá bunaithe ar tháirgeadh bainne talaimh féaraigh agus ar bhreith séasúrach laonna; soláthraíodh 78% de na soláthairtí bainne sna seacht mí ó Mhárta go Meán Fómhair agus soláthraíodh 22% díobh sna cúig mhí ó Dheireadh Fómhair go Feabhra go huile.

Bhí cóimheas míosúil ard/íseal 5.6/1 ann i dtaca leis an bpróifíl soláthair baile bainne, is é sin le rá, cóimheas míosúil ard/íseal 8.2/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne monarúcháin agus 1.8/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne leachtaigh.

TÁBLA 1.1 SÉASÚRACHT SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE (DE RÉIR EARNÁLA)

Bliain	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	Cóimheasa míosúla Ard/Íseal					
Monarúchán	8.2	8.7	8.2	8.0	8.2	8.9
Leachtach	1.8	1.8	1.8	1.8	1.9	2.0
Iomlán	**5.6**	**5.7**	**5.5**	**5.5**	**5.6**	**6.1**

Foinse: DAF/CSO

FÍOR. 1.2 SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE, SOLÁTHAIRTÍ BAINNE MONARÚCHÁIN, SOLÁTHAIRTÍ Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS TOMHAILT BAINNE LEACHTAIGH (IN AGHAIDH NA MÍOSA) 2007



** Bainne a dhíoltar lena ól ina leacht laistigh den Stát lena n-áirítear allmhairí bainne phacáistithe.*

Foinse: CSO/NMA

1.2 Soláthairtí Bainne ó Tháirgeoirí Cláraithe

Ba é a bhí i méid iomlán na soláthairtí bainne ón 2,169 dtáirgeoir ghníomhacha chláraithe sa Stát (lena n-áirítear táirgeoirí gan conarthaí cláraithe sa bhliain 2006/07) ná 794 mhilliún lítear (Aguisín 4 – Tábla A), sin laghdú 22 mhilliún lítear nó 3% i gcomparáid le soláthairtí sa bhliain 2005/06. Maidir le soláthairtí lena bpróiseáil le haghaidh tomhailt leachtach, bhí 462 mhilliún lítear ann (58% de na soláthairtí ar fad ó tháirgeoirí bainne leachtaigh) agus ba é a bhí i méid na soláthairtí lena bpróiseáil ina dtáirgí déiríochta monaraithe ná 331 milliún lítear (42% de na soláthairtí ar fad).

Is grúpa suntasach iad na táirgeoirí cláraithe bainne san earnáil soláthair baile bainne agus is ionann a líon agus 11% de na táirgeoirí go léir agus soláthraíonn siad 16% de na soláthairtí baile bainne. Ní amháin go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais bainne ar fud na bliana i gcás bainne lena ól ina leacht, ach soláthraíonn siad 7% de na soláthairtí baile bainne monarúcháin freisin.

FÍOR. 1.3 SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE 2007



Sa bhliain 2006/07, bhí soláthairtí bliantúla 366,000 lítear ar an meán ag táirgeoirí cláraithe, i gcomparáid le meánsoláthairtí 252,000 lítear ó na táirgeoirí bainne go léir.

1.3 Soláthairtí Geimhridh Bainne

Le linn na gcúig mhí gheimhridh fhorordaithe ó Dheireadh Fómhair 2006 go Feabhra 2007, ba é a bhí i méid iomlán na soláthairtí bainne ó tháirgeoirí gníomhacha cláraithe bainne ná 273 mhilliún lítear, is é sin le rá an méid céanna leis an mbliain 2005/06, rud a d'fhág, i gcomparáid le tomhaltas bainne leachtaigh 238 mhilliún lítear (lena n-áirítear allmhairí), go raibh clúdach soláthair 115% ann.

I mí na Nollag 2006 agus i mí Eanáir 2007, ba é a bhí i méid iomlán na soláthairtí ó thairgeoirí gníomhacha cláraithe ná 109 milliún lítear agus bhí an méid sin 13 mhilliún lítear os cionn thomhaltas bainne leachtaigh 96 mhilliún lítear (lena n-áirítear allmhairí) sna míonna sin, sin clúdach soláthair 114%.

FÍOR. 1.4 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE V TOMHALTAS BAINNE LEACHTAIGH 2007



** Bainne a dhíoltar lena ól ina leacht laistigh den Stát lena n-áirítear allmhairí bainne phacáistithe.*

Foinse: CSO/NMA

1.4 Allmhairí

Anuraidh, ba é a bhí sa mhéid bainne a allmhairíodh isteach sa Stát i mbulc lena phróiseáil ag uachtarlanna agus ag paistéaraithe ná 473 mhilliún lítear, sin laghdú 93 mhilliún lítear nó 16% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

TÁBLA 1.5 ALLMHAIRÍ BAINNE I mBULC MAR % DE SHOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE 1996-2007

	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	milliúin lítear											
Soláthairtí	5,090	5,083	4,915	5,116	5,157	5,032	5,179	5,012	4,973	4,944	5,105	5,144
Allmhairí (bulc)	473	566	550	377	349	278	209	304	361	282	16	–
Allmhairí mar %	9	11	11	7	7	5	4	6	7	6	–	–

TÁBLA 1.6 ALLMHAIRÍ BAINNE, I mBULC AGUS PACÁISTITHE, LENA ÓL INA LEACHT 1996-2007

	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	milliúin lítear											
Bulc	62	58	55	55	48	42	50	43	44	45	16	–
Pacáistithe	50	46	40	38	41	26	24	23	20	–	–	–
Allmhairí Iomlána	**112**	**104**	**95**	**93**	**89**	**68**	**74**	**66**	**64**	**45**	**16**	–

Maidir le hallmhairí bainne i mbulc, nach n-áirítear iontu 50 milliún lítear d'allmhairí bainne leachtaigh phacáistithe, ba é a bhí iontu go formhór ná gluaiseachtaí crosteorann bainne isteach sa Stát ó Thuaisceart Éireann agus, sa bhliain 2007, b'ionann iad agus 9% de na soláthairtí baile agus 25% de sholáthairtí bliantúla bainne Thuaisceart Éireann.

Ba é a bhí i méid na n-allmhairí lena bpróiseáil ina dtáirgí déiríochta monaraithe ná 87% de na hallmhairí sin agus ba é a bhí i méid na n-allmhairí lena bpróiseáil agus lena bpacáil lena ól ina leacht sa Stát ná 13% i gcomparáid le 90% agus 10% faoi seach an bhliain roimhe sin.

B'ionann líon na n-allmhairí iomlána bainne lena ól ina leacht agus 112 mhilliún lítear, sin méadú 8 milliún lítear nó 8%, i gcomparáid le méideanna na n-allmhairí an bhliain roimhe sin.

FÍOR 1.7 AN SCIAR DEN MHARGADH BAILE BAINNE LEACHTAIGH AG ALLMHAIRÍ 1996-2007



TÁBLA 1.8 TOMHALTAS BAINNE LEACHTAIGH Ó SHOLÁTHAIRTÍ BAILE AGUS Ó ALLMHAIRÍ

	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	milliúin lítear											
Tomhaltas	577	568	559	556	571	563	564	553	549	543	533	536
Soláthairtí baile	465	464	464	463	482	495	490	487	485	498	517	536
Allmhairí Iomlána	112	104	95	93	89	68	74	66	64	45*	16*	0
Soláthairtí Baile mar % de Thomhaltas	81	82	83	83	84	88	87	88	88	91	97	100
Allmhairí mar % de Thomhaltas	19	18	17	17	16	12	13	12	12	9	3	0

Foinse: CSO/NMA

** Níl allmhairí pacáistithe san áireamh agus níl siad ar fáil.*

B'ionann na 62 mhilliún lítear a bhí sna hallmhairí bainne i mbulc agus 55% de na hallmhairí le haghaidh próiseáil lena ól ina leacht, sin méadú 7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

B'ionann méid na n-allmhairí bainne leachtaigh phacáistithe ó Thuaisceart Éireann, go formhór do mhiondíoltóirí lascaine, agus 45% de na hallmhairí lena ól ina leacht agus measadh go raibh 50 milliún lítear ann. B'ionann méid na n-allmhairí agus beagnach an méadú iomlán ar thomhaltas baile bainne úir sa bhliain 2007 agus thit sciar margaidh na soláthairtí baile go dtí 81% ó 82% sa bhliain 2006.

Ón mbliain 1996 i leith, tá laghdú 71 mhilliún lítear nó 13% tagtha ar sholáthairtí baile bainne don mhargadh bainne leachtaigh. Tá sciar margaidh na soláthairtí baile sa mhargadh bainne leachtaigh tar éis titim ó 100% go 81% ach tá sciar margaidh na n-allmhairí tar éis méadú ó nialas go dtí 19%.

Sa bhliain 2007, ba é a bhí i méid iomlán na n-allmhairí bainne ó Thuaisceart Éireann ag próiseálaithe agus ag paistéaraithe agus i bhfoirm bainne leachtaigh phacáistithe ná 523 mhilliún lítear, sin méadú 89 milliún lítear nó méadú 15%.

I dtaca le honnmhairí bainne bhearrtha, bainne gan bhearradh agus uachtair ó phróiseálaithe sa Stát chuig Tuaisceart Éireann, ba é a bhí iontu ná 57 milliún lítear sa bhliain 2007, sin méadú 15 mhilliún lítear nó méadú 36% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

1.5 Tuaisceart Éireann – Soláthairtí Bainne/Praghsanna Bainne

B'ionann méid na soláthairtí baile bainne i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2007 agus 1,918 milliún lítear, sin méadú 16 mhilliún lítear nó méadú 0.6% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus rinne 3,619 bhfeirmeoir déiríochta an méid sin a sholáthar. Bhí soláthairtí bainne Thuaisceart Éireann comhionann le 38% de na soláthairtí baile bainne sa Stát.

TÁBLA 1.9 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE SA STÁT & I dTUAISCEART ÉIREANN 2007

	Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann
Soláthairtí Iomlána – m lítear	5,090	1,918
Meánmhéid Saill Ime mar %	3.79	3.96
Meánmhéid Próitéine mar %	3.32	3.24
Cóimheas míosúil ard/íseal	5.6	1.5
Soláthróirí – an líon	20,197	3,619
Meánlíon soláthairtí in aghaidh an tsoláthróra – lítir	252,000	530,000

Ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthróra i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2007 ná 530,000 lítear, is é sin le rá, níos mó ná dhá oiread mheánmhéid na soláthairtí bainne in aghaidh an tsoláthróra sa Stát arbh é a bhí ann ná 252,000 lítear. Sa bhliain 2006/07, ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bainne ó tháirgeoirí cláraithe bainne sa Stát ná 366,000 lítear.

Tá difear suntasach ann i gcónaí idir pátrún bliantúil an tsoláthair bainne i dTuaisceart Éireann agus an pátrún atá ann sa Stát. Tá soláthairtí bainne ar fáil ar fud na bliana agus tá cóimheas míosúil ard/íseal 1.5/1 ann i gcás na bliana 2007 i gcomparáid le 5.6/1 sa Stát.

FÍOR 1.10 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE – AN STÁT & TÉ 2007



TÁBLA 1.11 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE THUAISCEART ÉIREANN 1993-2007

	SOLÁTHAIRTÍ BAINNE	
	m. lítear	Innéacs
1993	1,309	100
2002	1,764	135
2003	1,772	135
2004	1,776	136
2005	1,865	142
2006	1,902	145
2007	1,918	147

Foinse: DARDNI

Ón mbliain 1993 i leith, tá méadú 609 milliún lítear nó 47% tagtha ar sholáthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann, méadú a tharla mar gheall ar cheannach agus aistriú cuótaí breise bainne ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe.

Sa bhliain 2007, rinneadh 526 mhilliún lítear nó 27% den soláthar bliantúil bainne a onnmhairiú mar amh-bhainne i gcomparáid le 31% sa bhliain 2006. Rinneadh 90% den na honnmhairí amh-bhainne sin a onnmhairiú chuig an Stát.

Anuraidh, rinneadh 15% de na soláthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann a úsáid lena bpróiseáil lena ól ina leacht i gcomparáid le 9% sa Stát.

I dTuaisceart Éireann, déantar 30% de na soláthairtí bainne a thrádáil trí cheant agus meastar go ndéantar 30% eile de na soláthairtí bainne a thrádáil ar phraghsanna atá bunaithe ar phraghsanna ceant.

Sa bhliain 2007, ba é a bhí sa mheánphraghas ceant bliantúil ná 24.31 p/l (35 c/l), sin méadú 6.4 p/l (9.2 c/l) nó 39% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Sa bhliain 2007, ar an meán, ba é a bhí sa ghlan-mheánphraghas bliantúil a íocadh le táirgeoirí soláthairtí bainne ar fud na bliana i dTuaisceart Éireann ná 21.8 p/l (31.9 c/l), sin méadú 5 p/l (7.3 c/l) nó 30% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Sa bhliain 2007, ba é a bhí sa ghlanphraghas bliantúil bainne i dTuaisceart Éireann do tháirgeoirí ná 31.9 c/l (glan ar mhuirir bailithe), ar suim í a bhí rud beag níos ísle ná an meánphraghas measta bliantúil bainne sa Stát i gcás soláthairtí bainne monarúcháin, is é sin le rá, 32.13 c/l.

2. AN MARGADH BAINNE LEACHTAIGH

Ba é a bhí i dtomhaltas náisiúnta bainne úir leachtaigh sa bhliain 2007 ná 577 milliún lítear (127 milliún galún), sin méadú 9 milliún lítear nó 1.6% i gcomparáid le tomhaltas sa bhliain 2006. Maidir le tomhaltas 0.4 lítear per capita sa lá sa Stát, bhí sé sa tríú háit is airde san AE.

Tá an margadh bainne úir ar an margadh tomhaltóra is mó dá bhfuil ann sa Stát le haghaidh bainne agus táirgí bainne.

Is ionann bainne úr agus táirge a bhfaightear margadh maith ina leith agus aithníonn tomhaltóirí an méid sin. Tá laghdú tagtha ar phraghas an bhainne i dtéarmaí réadacha agus i gcomparáid le táirgí bia eile. Ón mbliain 1995 i leith, tháinig méadú 47% ar an treoir-phraghas tomhaltóirí agus tháinig méadú 42% ar an treoir-phraghas bia ach, thar an tréimhse chéanna, tháinig méadú 18% ar an meánphraghas bliantúil miondíola le haghaidh bainne leachtaigh i bpacaí 1 lítear. I dtéarmaí réadacha, tháinig laghdú 20%, ón mbliain 1995 i leith, ar mheánphraghas bliantúil miondíola 1 lítear bainne.

Sa bhliain 2007, bhí bainne féinlipéid lascainithe i bpacaí 2 lítear á dhíol in ilchuideachtaí ar phraghas coibhéiseach in aghaidh an lítir, ar praghas é a bhí 16% níos lú, i dtéarmaí ainmniúla, agus 43% níos lú, i dtéarmaí réadacha, ná praghas miondíola bainne úir sa bhliain 1995.

Maidir le sciar na dtáirgeoirí de phraghas bliantúil miondíola an bhainne, tá laghdú tagtha air ó 42% sa bhliain 1995 go dtí 39% sa bhliain 2007.

Anuraidh, tháinig laghdú 2% ar dhíolacháin bainne gan bhearradh, arbh ionann a méid agus 71% de na díolacháin bainne úir, agus tháinig méadú 9%, go dtí 29% de dhíolacháin, ar dhíolacháin bainne beagmhéathrais agus bainne bhearrtha. Sa Ríocht Aontaithe, ní hionann próifíl táirge an bhainne úir mar go ndéantar os cionn 77% de na díolacháin a dhíol mar bhainne beagmhéathrais agus mar bhainne bearrtha.

TÁBLA 2.0 AN TREOIRPHRAGHAS DO THOMHALTÓIRÍ/AN TREOIRPHRAGHAS DO BHIA/AN TREOIRPHRAGHAS MIONDÍOLA BAINNE

	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
An Treoirphraghas do Thomhaltóirí	147	140	135	132	129	124	119	113	107	106	103	102	100
An Treoirphraghas do Bhia	142	134	132	133	133	129	123	116	112	108	104	102	100
An Treoirphraghas Miondíola Bainne	**118**	**110**	**110**	**110**	**112**	**110**	**108**	**105**	**104**	**104**	**104**	**104**	**100**

Foinse: CSO/NMA

TÁBLA 2.1 PRAGHSANNA MÍONDÍOLA BAINNE – PACA 1 LÍTEAR/SCIAR NA dTÁIRGEOIRÍ DEN PHRAGHAS MIONDÍOLA BAINNE

	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
Praghas Bliantúil Miondíola*	91	85	85	85	86	85	83	81	80	80	80	80	77
Praghas Táirgeoirí % Miondíol	**39%**	**36%**	**37%**	**38%**	**38%**	**38%**	**40%**	**40%**	**40%**	**40%**	**41%**	**41%**	**42%**

Foinse: CSO/NMA
** Gan seachadadh go leac an dorais a áireamh.*

FÍOR. 2.2 PRÓIFÍL TÁIRGÍ NA nDÍOLACHÁN BAINNE ÚIR 2001-2006



Foinse: CSO

An Margadh Miondíola

Leanadh den phróiseas comhdhlúite miondíola sa bhliain 2007 agus tá ceannas ag na trí ilghrúpa is mó ar sciar 70% de mhargadh grósaeireachta na hÉireann anois.

TÁBLA 2.3 SCIARTHA SA MHARGADH GRÓSAEIREACHTA

	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	%	%	%	%	%	%
Tesco	26	26	26	25	23	24
Dunnes	24	22	22	22	21	22
SuperValu	20	21	20	19	19	19
Superquinn	8	8	8	9	8	9
Lidl/Aldi	7	6	6	5	6	2
Centra	2	2	2	3	3	3
Spar	2	2	2	3	3	2
Gach ceann eile	11	13	14	14	17	19
Iomlán	**100**	**100**	**100**	**100**	**100**	**100**

Foinse: RGDATA

Lean tábhacht na miondíoltóirí, go háirithe na hilchuideachtaí is mó, de bheith ag méadú mar bhealaí dáilte do mhiondíoltóirí bainne leachtaigh agus tá miondíoltóirí ag dáileadh 79% den bhainne leachtach anois; tá seachadadh go leac an dorais tar éis titim go dtí 6% agus tá méadú, go dtí 15% tagtha ar lónadóireacht.

FÍOR. 2.4 SCIARTHA MARGAIDH 1999-2007



Foinse: Meastachán de chuid an tionscail

I dtaca le margadh bainne úir na hÉireann, meastar go bhfuil 50% de na díolacháin bhainne in ilchuideachtaí miondíola á dhíol anois mar bhainne féinlipéid. Bhí bainne gan bhearradh féinlipéid i bpacaí 2 lítear á mhiondíol i mí na Nollag 2007 ar lascaine 30% i gcomparáid le bainne bhrandáilte próiseálaithe. Sa Ríocht Aontaithe, déantar 95% de bhainne úr a mhiondíol mar bhainne féinlipéid anois.

3. CONARTHAÍ/PRAGHSANNA CLÁRAITHE

3.0 Cineálacha Conartha

TÁBLA 3.0 CINEÁLACHA CONARTHA

Blianta Bhainne	An Iomlán Iomlán Conarthaí	Ar Fud na Bliana	Geimh-readh
1995/96	3,344	3,206	138
1996/97	3,284	3,151	133
1997/98	2,908	2,783	125
1998/99	2,833	2,709	124
1999/00	2,762	2,642	120
2000/01	2,837	2,725	112
2001/02	2,720	2,620	100
2002/03	2,736	2,583	153
2003/04	2,656	2,510	146
2004/05	2,336	2,199	137
2005/06	2,282	2,104	178
2006/07	2,079	1,908	171

Clár na gConarthaí ar an 31 Nollaig gach bliain. Déantar Clár na gConarthaí a choimeád mar chlár oscailte. Is féidir le Próiseálaithe agus le Táirgeoirí conarthaí a chlárú i leith blianta bainne ar leithligh. Leantar de chonarthaí a chlárú ar fud na bliana. Chun Clár na dTáirgeoirí a fháil, féach Aguisín 2.

- Tháinig laghdú ar líon na gconarthaí cláraithe soláthair bainne go dtí 2,079, sin laghdú 203 chonradh nó laghdú 2% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Níor athnuadh 286 conradh agus rinneadh 83 chonradh nua le 8 bpróiseálaí.
- Ba iad na conarthaí 'ar fud na bliana' (AYR) an príomhchineál conartha i gcónaí agus is ionann a líon agus 92% de na conarthaí go léir agus 98% de sholáthairtí bainne.
- B'ionann an líon conarthaí geimhridh agus 8% de na conarthaí go léir agus 2% de na soláthairtí bainne.
- Tháinig laghdú 196 nó 9%, go dtí 1,908, ar líon na gconarthaí 'ar fud na bliana' (AYR) agus tháinig méadú 7, go dtí 171 gconradh, ar líon na gconarthaí Geimhridh.

3.1 Córais Phraghsála do Chonarthaí

- Déanann próiseálaithe dhá chóras praghsála bainne a úsáid le linn bainne a cheannach ó tháirgeoirí lena phróiseáil lena ól ina leacht, is é sin le rá, an Córas Cothromphraghais agus Córas Phraghas an Bhainne Monarúcháin móide Bónas (an Córas MMP).
- Faoin gCóras Cothromphraghais, íoctar as bainne ag praghas cothrom in aghaidh an lítir, gan aon difreáil phraghais le haghaidh comhábhar bainne.
- Faoin gCóras MMP, déantar praghas ar bhainne atá bainteach le praghsanna míosúla bainne monarúcháin, mar aon le difreálaigh le haghaidh comhábhar bainne de ghnáth, a íoc móide íocaíochtaí bónais geimhridh, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta.
- Maidir leis na conarthaí AYR, cuireadh an Córas Cothromphraghais i bhfeidhm i gcás 76% de na conarthaí agus i gcás 68% de na soláthairtí bainne agus cuireadh an Córas MMP+ i bhfeidhm i gcás 24% de na conarthaí agus i gcás 32% de na soláthairtí bainne.

TÁBLA 3.1 AICMIÚ CONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁIL

	Conarthaí				Soláthairtí			
	2006/07		2005/06		2006/07		2005/06	
	an líon	%	an líon	%	m. lítear	%	m. lítear	%
Ar Fud na Bliana	1,908	92	2,104	92	423.1	98	427.4	97
Geimhreadh	171	8	178	8	9.2	2	11.3	3
Iomlán	**2,079**	**100**	**2,282**	**100**	**432.3**	**100**	**438.7**	**100**

TÁBLA 3.2 CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' DE RÉIR CINEÁIL AGUS CÓRAS PRAGHSÁLA

Córas Praghsála	Conarthaí				Soláthairtí Bainne			
	2006/07		2005/06		2006/07		2005/06	
CÓRAS COTHROMPHRAGHAIS	an líon	%	an líon	%	m. lítear	%	m. lítear	%
Príomha	1,160	61	1,283	61	235.5	56	250.3	58
Neamh-Phríomha	288	15	306	15	50.8	12	50.7	12
IOMLÁN AN CHÓRAIS COTHROMPHRAGHAIS	**1,448**	**76**	**1,589**	**76**	**286.2**	**68**	**301.0**	**70**
CÓRAS MMP	460	24	515	24	136.8	32	126.4	30
IOMLÁN	**1,908**	**100**	**2,104**	**100**	**423.0**	**100**	**427.4**	**100**

FÍOR. 3.3 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/CONARTHAÍ



FÍOR. 3.4 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE



- Faoi na conarthaí AYR, ba é an 1,160 Chonradh Phríomha, inar oibríodh Córas Cothromphraghais maille le seacht mí phréimhe geimhridh, an príomhchineál conartha agus b'ionann a líon agus 61% de chonarthaí AYR agus 56% den bhainne a ceannaíodh.
- Ba é a bhí i líon na gconarthaí AYR de chineál Neamh-Phríomha, inar oibríodh Córas Cothromphraghais maille le míonna préimhe athraithí, ná 288 agus b'ionann a líon agus 15% de chonarthaí AYR agus 12% den bhainne a ceannaíodh.
- Tá méideanna méadaitheacha bainne á gceannach faoin gCóras MMP. Sa bhliain 2006/07, cuireadh an Córas MMP i bhfeidhm i gcás 24% de na conarthaí AYR agus i gcás 32% de na soláthairtí bainne i gcomparáid le 15% de na conarthaí AYR agus 9% de na soláthairtí bainne sa bhliain 1995/96 (Aguisín 2, Táblaí c agus D).

FÍOR. 3.5 CONARTHAÍ AYR – CÓRAIS PHRAGHSÁLA/ SOLÁTHAIRTÍ 1999/00-2006/07



TÁBLA 3.6 CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA A ÍOCADH

Bliain	2006/07	2005/06
CÓRAS COTHROMPHRAGHAIS	**1,448 gconradh 286.2 m. lítear**	**1,589 gconradh 301 m. lítear**
	c/lítear	**c/lítear**
Míonna geimhridh, Meán Fómhair-Márta (7)	34.57	34.38
Míonna samhraidh, Aibreán-Lúnasa (5)	28.81	26.46
Meán Bliantúil	**32.25**	**31.12**
CÓRAS MMP	**460 gconradh 136.8 m. lítear**	**515 gconradh 126.4 m. lítear**
Míonna geimhridh, Meán Fómhair-Márta (7)	32.77	31.78
Míonna samhraidh, Aibreán-Lúnasa (5)	30.75	25.26
Meán Bliantúil	**31.85**	**29.12**
AN DÁ CHÓRAS LE CHÉILE	**1,908 gconradh 423.0 m. lítear**	**2,104 gconradh 427.4 m. lítear**
Míonna geimhridh, Meán Fómhair-Márta (7)	34.03	33.61
Míonna samhraidh, Aibreán-Lúnasa (5)	29.49	26.11
Meán Bliantúil	**32.11**	**30.56**

Baineann praghsanna le conarthaí AYR ina gcuirtear an Córas Cothromphraghais agus an Córas MMP i bhfeidhm agus is praghsanna ex feirm insroichte iad, gan CBL a áireamh agus gach bónas caighdeáin agus gach bónas eile a áireamh agus roimh phionóis, tobhaigh reachtúla agus muirir bailithe a asbhaint. Déantar praghsanna a ualú de réir méideanna míosúla a cheannaítear. I gcás conarthaí ina gcuirtear an Córas MMP i bhfeidhm, tá praghsanna bunaithe ar phraghsanna monarúcháin, idir phraghsanna seasta agus phraghsanna athraitheacha, agus bónais gheimhridh curtha leo. Tá caighdeánú déanta ar na tréimhsí íocaíochta go dtí tréimhse phréimhe seacht mí gheimhridh agus go tréimhse cúig mhí shamhraidh.

- Cheannaigh naoi bpróiseálaí soláthairtí faoi chonarthaí AYR Córais Cothromphraghais.
- Ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi chonarthaí AYR Córais Cothromphraghais sa bhliain 2006/07 ná 32.25 c/l (146 c/g), sin méadú 1.13 c/l (5 c/g) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi chonarthaí AYR Córais MMP sa bhliain 2006/07 ná 31.85 c/l (145 c/g), sin méadú 2.73 c/l (12.4 c/g) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é a bhí sa mheánphraghas bliantúil a íocadh faoi na conarthaí AYR go léir sa bhliain 2006/07 ná 32.11 c/l (146 c/g), sin méadú 1.55 c/l (7 c/g), nó méadú 5%, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é a bhí sa phraghas a íocadh i rith na seacht mí gheimhridh ná 34.03 c/l (155 c/g), sin méadú 0.42 c/l (2 c/g) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é a bhí sa phraghas a íocadh i rith na gcúig mhí shamhraidh ná 29.49 c/l (134 c/g), sin méadú 3.38 c/l (1.54 c/g) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

3.2 Praghsanna a Íocadh – Conarthaí AYR

- Mar gheall ar an tsraith méaduithe míosúla ar phraghsanna soláthairtí bainne monarúcháin ó Aibreán go Deireadh Fómhair 2007, agus ar an moill maidir le coigeartú praghsanna faoin gCóras Cothromphraghais, tharla difreálach idir na praghsanna a íocadh faoin gCóras Cothromphraghais agus na praghsanna a íocadh faoin gCóras MMP, rud a d'fhág go raibh laghdú 0.4 c/l (1.8 c/g) ann sa bhliain 2006/07 i gcomparáid le 2 c/l (9 c/g) sa bhliain 2005/06.
- Leagtar amach anseo thíos tábla ina dtaispeántar na meánphraghsanna bliantúla bainne a íocadh faoi na deich gconradh AYR is mó toirt ar conarthaí iad arb é atá ina líon ná 91% de na conarthaí AYR agus 91% de na soláthairtí bainne AYR.

FÍOR. 3.7 CONARTHAÍ AYR – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA COTHROMA AGUS MMP



Féach Aguisín 3, Tábla A.

TÁBLA 3.8 CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' – NA PRAGHSANNA A ÍOCADH – AN 10 gCONRADH IS MÓ TOIRT

CONARTHAÍ CÓRAIS COTHROMPHRAGHAIS	Meánphraghsanna Bliantúla		Praghsanna Geimhridh		Praghsanna Samhraidh		Athrú ar Mheán-phraghsanna Bliantúla
AN CINEÁL PRÍOMHA	**2006/07**	**2005/06**	**2006/07**	**2005/06**	**2006/07**	**2005/06**	**Méaduithe**
	c/l	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**
B	32.35	30.80	34.04	32.90	30.14	28.02	1.55
D	32.32	30.88	34.26	34.53	28.11	25.78	1.44
F	32.06	31.34	34.63	34.83	28.20	26.29	0.72
AN CINEÁL NEAMH-PHRÍOMHA							
D	35.15	32.01	37.20	34.83	30.72	26.24	3.14
J	33.13	31.38	34.73	33.43	30.70	28.16	1.75
CONARTHAÍ CÓRAIS MMP	**Meánmhéid Bliantúil Móide Bónas**		**Meánmhéid Bliantúil – Bónas Míosúil**		**Bunphraghsanna**		**Athruithe Bliantúla**
	2006/07	**2005/06**	**2006/07**	**2005/06**	**2006/07**	**2005/06**	**Increases**
	c/l	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**
A1	30.76	28.93	2.46	3.74	28.30	25.19	1.83
B1	32.98	29.35	4.24	4.25	28.74	25.10	3.63
B2	32.64	30.41	4.87	3.24	27.77	27.17	2.23
C2	32.58	30.32	4.57	4.93	28.01	25.39	2.26
C3	31.61	28.42	2.65	2.76	28.96	25.66	3.19

Baineann na cóid tagartha conartha le Táblaí 5.6, 5.7 agus 5.8 i dTuarascáil Bhliantúil 2005.

3.3 Conarthaí Geimhridh – Praghsanna a Íocadh

TÁBLA 3.9 CONARTHAÍ/PRAGHSANNA GEIMHRIDH

	Conarthaí		Soláthairtí Bainne		2006/07	2005/06
Córas Praghsála	**líonta**	**%**	**líonta**	**%**	**Meánphraghas – Míonna Geimhridh**	**Meánphraghas – Míonna Geimhridh**
					c/lítear	**c/lítear**
Córas MMP	115	67	7.2	78	36.35	34.83
Córas Cothromphraghais	56	33	2.0	22	34.83	33.87
An meán	**171**	**100**	**9.2**	**100**	**36.02**	**34.54**

Déanann tairgeoir gealltanas, faoi na conarthaí Geimhridh, chun bainne a sholáthar lena phróiseáil lena ól ina leacht i rith cuid de na míonna forordaithe geimhridh (Deireadh Fómhair go Feabhra) nó i rith na míonna sin go léir. Bhí 171 gconradh geimhridh ann maidir le 9.2 m/l agus b'ionann a líon agus 8% de na conarthaí go léir agus 2% de na soláthairtí bainne.

3.4 Gach Conradh Cláraithe – Meánphraghsanna Bliantúla a Íocadh

Ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi gach conradh, idir chonarthaí AYR agus chonarthaí Mhíonna Geimhridh, ná 32.20 c/l (146 c/g), sin méadú 1.57 c/l (7 c/g), nó méadú 5%, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

TÁBLA 3.10 PRAGHSANNA A ÍOCADH FAOI GACH CONRADH AGUS FAOI GACH CÓRAS PRAGHSÁLA

Tréimhse	2006/07	2005/06
	2,079 gConradh 432.3 m. lítear	**2,282 Chonradh 438.7 m. lítear**
	c/lítear	**c/lítear**
Míonna Geimhridh, Fómhair-Márta (7)	34.09	33.65
Míonna Samhraidh, Aibreán-Lúnasa (5)	29.49	26.11
An meán	**32.20**	**30.63**
c/g	146	139

Baineann praghsanna le conarthaí AYR agus conarthaí Geimhridh araon ina gcuirtear an Córas Cothromphraghais agus an Córas MMP i bhfeidhm agus is praghsanna ex feirm insroichte iad, gan CBL a áireamh, agus gach bónas caighdeáin agus gach bónas eile a áireamh agus roimh phionóis, tobhaigh reachtúla agus muirir bhailithe a asbhaint. Déantar praghsanna a ualú de réir méideanna míosúla a cheannaítear. Tá caighdeánú déanta ar na tréimhsí íocaíochta, i gcás na gconarthaí go léir, go dtí tréimhse phréimhe seacht mí gheimhridh agus go tréimhse cúig mhí shamhraidh.

3.5 Praghsanna Bliantúla Bainne Leachtaigh agus Praghsanna Monarúcháin

- Sa bhliain féilire 2007, ina n-áirítear an chéad trí mhí de bhliain féilire 2007/08, ba é a bhí sa mheánphraghas bliantúil a íocadh faoi gach conradh ná 35.28 c/l (160 c/g), sin méadú 4.77 c/l (22 c/g), nó méadú 16%, i gcomparáid le praghas 30.51 c/l (139 c/g) a íocadh sa bhliain 2006.

- Maidir leis an difreálach idir an praghas bliantúil táirgeora ar sholáthairtí bainne lena ól ina leacht agus an meánphraghas táirgeora ar sholáthairtí bainne monarúcháin, tar éis muirear bailithe, ba é a bhí ann sa bhliain 2007 ná 3.15 c/l (14 c/g).

- Tá sceideal leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla B) ina dtaispeántar na hathruithe ar an difreálach idir meánphraghsanna bliantúla bainne ar sholáthairtí lena ól ina leacht agus ar sholáthairtí i gcomhair monarúcháin ón mbliain 1995 i leith.

FÍOR. 3.11 MEÁNPHRAGHSANNA BAINNE TÁIRGEORA – BAINNE LEACHTACH/BAINNE MONARÚCHÁN 1995-2007



4. PRÓISEÁLAITHE

TÁBLA 4.0 STRUCHTÚR TÁIRGEOIRÍ GNÍOMHACHA CLÁRAITHE DE RÉIR BANDAÍ SOLÁTHAIR PRÓISEÁLAITHE 2006/07

Bandaí Soláthairtí Bainne	An Líon Próiseálaithe	Táirgeoirí Gníomhacha Cláraithe*		Soláthairtí Bliantúla	
m. lítear		an líon	%	m. lítear	%
0-20	11	363	17	63	14
20-60	2	227	10	48	10
Os cionn 60	2	1,579	73	352	76
IOMLÁN	15	2,169	100	463	100

Amhail ar an 31 Nollaig 2007.
** Áirítear soláthairtí ó gach táirgeoir cláraithe a sholáthair bainne lena theaschóireáil le haghaidh tomhailt leachtach.*

- Tá struchtúr an tionscail an-dlúth. Maidir leis an dá phróiseálaí ag a bhfuil soláthairtí bliantúla bainne os cionn 60 milliún lítear, tá 73% de na táirgeoirí gníomhacha go léir bainteach leo mar aon le 76% de na soláthairtí baile bainne le haghaidh tomhailt leachtach.
- Ba é a bhí i líon na mbunachas teaschóireála arna gceadúnú chun bainne a phróiseáil lena ól ina leacht sa Stát ná 21, lena n-áirítear gléasra amháin ina bpróiseáiltear bainne UHT, agus bhí 19 gcinn de na gléasraí sin á n-oibriú ag na 15 phróiseálaí a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht agus bhí dhá ghléasra á n-oibriú ag próiseálaithe nach raibh cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Tá dhá phróiseálaí ann a oibríonn gléasraí sa Stát chun bainne a phróiseáil lena ól ina leacht (lena n-áirítear bainne UHT) agus ar próiseálaithe iad nach bhfuil cláraithe leis an nGníomhaireacht. Déanann na próiseálaithe sin a gcuid soláthairtí bainne go léir a allmhairiú lena bpróiseáil lena ól ina leacht.
- Sa bhliain 2007, ba é a bhí sa mheánmhéid bliantúil soláthairtí bainne (gan bainne UHT a áireamh) a próiseáladh in aghaidh an ghléasra ná 26 mhilliún lítear.

AGUISÍN 1
CRUINNITHE DE CHUID NA GNÍOMHAIREACHTA

Comhaltaí	An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu i 2007
Denis Murphy – Cathaoirleach	7
Eamonn Bray	6
Cormac Guinan	7
Donal Kelleher	4
Pádraig Mulligan	7
Donal Murphy	6
George Kearns [1]	7
John O'Callaghan [1]	5
Tony O'Reilly [1] PLEASE CHECK	7
Frank Tobin [2]	3/5
Walter Maloney [1]	7
John Dunne [1] PLEASE CHECK	7
Richard Donohue [1]	7
Michael Kilcoyne [1]	5

1 Athcheapadh ar an 8 Bealtaine 2007.
2 Ceapadh ar an 8 Bealtaine 2007.

Bhí seacht gcruinniú ag an nGníomhaireacht i rith na bliana agus 88% a bhí sa chóimheas freastail.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhfheidhmeannach le hoifigigh de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus thug siad eolas cothrom le dáta faoi fhorbairtí san earnáil bhainne leachtaigh agus i dtaca le rialáil an tsoláthair bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht.

Bíonn an Ghníomhaireacht i dteagmháil go rialta, trína fheidhmeannacht, le hionadaithe ó Theagasc, ón gComhairle Náisiúnta Déiríochta, ó Chumann Náisiúnta na nUachtarlann, ó Chumann Feirmeoirí na hÉireann, ó Chumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann agus ó ghrúpaí agus eagraíochtaí eile.

Lorg an Ghníomhaireacht comhairle ó shain-eacnamaithe i rith na bliana maidir le gnéithe éagsúla den earnáil bhainne leachtaigh.

D'ainmnigh an Ghníomhaireacht an tUas. Eamonn Bray chun feidhmiú mar ionadaí di ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Déiríochta.

Rinne an Coiste Iniúchta, ar a bhfuil ceathrar comhalta, Eamonn Bray (Cathaoirleach), George Kearns, Richard Donohue agus Denis Murphy, ceithre chruinniú a sheoladh i rith na bliana.

AGUISÍN 2
CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

TÁBLA A CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ

Bliain	Táirgeoirí Cláraithe	Táirgeoirí Díchláraithe	Táirgeoirí Nua
1995/96	3,360	2	2,472
1996/97	3,344	57	41
1997/98	3,300	142	98
1998/99	3,181	129	10
1999/00	3,209	66	94
2000/01	3,359	25	175
2001/02	3,093	282	16
2002/03	3,133	58	98
2003/04	2,716	486	69
2004/05	2,575	194	53
2005/06	2,492	141	58
2006/07	2,520	12	40

Clár na dTáirgeoirí ar an 31 Nollaig gach bliain. Fanann táirgeoirí ar an gClár go dtí go bhfaigheann an Ghníomhaireacht fógra go bhfuil táirgeoirí tar éis scor go buan de bheith ag soláthar bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht. I gcás roinnt táirgeoirí nach bhfuil conarthaí cláraithe acu, fanann siad ar an gClár go dtí go bhfaightear na fógraí sin.

TÁBLA B SOLÁTHAIRTÍ CLÁRAITHE BAINNE DE RÉIR CINEÁLACHA CONARTHA

Bliain Bhainne	Iomlán	Ar Fud na Bliana	Míonna Geimhridh Amháin
	m. lítear	m. lítear	m. lítear
1995/96	497.3	488.4	8.9
1996/97	474.6	467.3	7.3
1997/98	434.6	427.3	7.3
1998/99	433.2	426.4	6.8
1999/00	436.9	428.7	8.2
2000/01	452.6	446.1	6.5
2001/02	458.7	451.6	7.1
2002/03	468.1	458.0	10.1
2003/04	465.5	457.4	8.1
2004/05	425.7	416.3	9.4
2005/06	438.7	427.4	11.3
2006/07	432.3	423.1	9.2

TÁBLA C CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

Córais Phraghsála – Conarthaí

Bliain Bhainne	An Líon Iomlán Conarthaí	COTH-ROM-PHRA-GHAS	MMP	COTH-ROM-PHRA-GHAS MAR %	MMP MAR %
1995/96	3,206	2,735	471	85	15
1996/97	3,151	2,696	455	86	14
1997/98	2,783	2,410	373	87	13
1998/99	2,708	2,291	418	85	15
1999/00	2,642	2,269	373	86	14
2000/01	2,725	2,375	350	87	13
2001/02	2,620	2,282	338	87	13
2002/03	2,583	2,239	344	87	13
2003/04	2,510	2,075	435	83	17
2004/05	2,199	1,686	513	77	23
2005/06	2,104	1,589	515	76	24
2006/07	1,908	1,448	460	76	24

TÁBLA D CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

Córais Phraghsála – Soláthairtí Bainne

Bliain Bhainne	An Líon Iomlán Conarthaí	COTH-ROM-PHRA-GHAS	MMP	COTH-ROM-PHRA-GHAS MAR %	MMP MAR %
1995/96	488.4	443.6	44.8	91	9
1996/97	467.3	395.5	72.7	85	16
1997/98	427.3	364.6	62.3	85	15
1998/99	426.4	350.0	76.4	82	18
1999/00	428.7	353.7	75.0	83	17
2000/01	446.1	383.6	62.5	86	14
2001/02	451.6	389.5	62.1	86	14
2002/03	458.0	396.4	61.6	87	13
2003/04	457.4	384.3	73.1	84	16
2004/05	416.3	300.0	116.3	72	28
2005/06	427.4	301.0	126.4	70	30
2006/07	423.1	286.2	136.8	68	32

AGUISÍN 3
DIFREÁLAIGH PHRAGHAIS

TÁBLA A CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' – 1995/96 GO 2006/07 – DIFREÁLAIGH PHRAGHAIS IDIR AN CÓRAS COTHROMPHRAGHAIS AGUS AN CÓRAS MMP

	Conarthaí 'ar fud na bliana'				Difreálach Praghais	
Bliain	Cothromphraghsanna, ar an meán		Meánphraghsanna MMP		Cothromphraghas v Praghas MMP	
	c/l	c/g	c/l	c/g	c/l	c/g
1995/96	33.77	153.5	32.30	146.8	1.47	6.7
1996/97	33.46	152.1	32.28	146.8	1.18	5.4
1997/98	32.65	148.4	31.67	143.9	0.98	4.5
1998/99	32.65	148.4	30.64	139.3	2.01	9.1
1999/00	32.43	147.4	30.73	139.7	1.70	7.7
2000/01	33.01	150.0	32.36	147.1	0.65	2.9
2001/02	33.11	150.5	31.42	142.8	1.69	7.7
2002/03	32.56	148.0	31.13	141.5	1.43	6.5
2003/04	32.38	147.2	31.32	142.4	1.06	4.8
2004/05	31.74	144.3	30.11	136.9	1.63	7.4
2005/06	31.12	141.5	29.12	132.4	2.00	9.1
2006/07	32.25	146.6	31.85	144.8	0.40	1.8

TÁBLA B MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE TÁIRGEORA – 1995-2007 – DIFREÁLAIGH PHRAGHAIS BAINNE LEACHTAIGH/MONARÚCHÁIN

Bliain Fhéilire	Praghsanna – Bainne Leachtach		Praghsanna – Bainne Monarúcháin*		Difreálach Praghais	
	c/l	c/g	c/l	c/g	c/l	c/g
1995	32.84	149.3	29.32	133.3	3.52	16.0
1996	34.07	154.9	29.26	133.0	4.81	21.9
1997	32.85	149.3	26.85	122.1	6.00	27.3
1998	32.31	146.9	28.37	129.0	3.94	17.9
1999	32.20	146.4	27.51	125.1	4.69	21.3
2000	32.09	145.9	28.21	128.2	3.88	17.6
2001	33.26	151.2	29.31	133.2	3.95	18.0
2002	32.70	148.7	27.06	123.0	5.64	25.6
2003	32.26	146.7	26.79	121.8	5.47	24.9
2004	32.26	146.7	26.84	122.0	5.42	24.6
2005	31.00	140.9	26.29	119.5	4.71	21.4
2006	30.51	138.7	25.36	115.3	5.15	23.4
2007	35.28	160.4	32.13	146.0	3.15	14.3

** glan ar mhuirir bailithe.*

AGUISÍN 4
STRUCHTÚR SOLÁTHAIRTÍ BAINNE TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA A

Bandaí Soláthair Bhliantúil	Táirgeoirí Cláraithe Gníomhacha*		Soláthairtí Iomlána		Soláthairtí lena ól ina Leacht		Soláthairtí le haghaidh Monarúcháin		Meán-soláthairtí lena ól ina Leacht		*% de Tháirgeoirí Cláraithe Gníomhacha*		*% de Sholáthairtí Iomlána*		*% de Sholáthairtí Leachtacha*		*Soláthairtí Leachtacha mar % de Sholáthairtí Iomlána*	
lítir	an líon		m. lítear		m. lítear		m. lítear		'000 lítear									
	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	*06/07*	*05/06*	*06/07*	*05/06*	*06/07*	*05/06*	*06/07*	*05/06*
<49,999	161	166	3.3	3.5	2.2	2.4	1.1	1.0	14	15	*7*	*7*	*–*	*–*	*–*	*1*	*67*	*70*
50,000-99,999	144	166	10.9	12.3	6.7	8.7	4.2	3.6	47	52	*7*	*7*	*1*	*2*	*1*	*2*	*62*	*71*
100,000-149,999	136	161	17.0	20.1	9.4	11.9	7.6	8.2	69	74	*6*	*7*	*2*	*2*	*2*	*3*	*55*	*59*
150,000-199,999	173	206	30.4	36.3	17.0	18.7	13.4	17.5	98	91	*8*	*9*	*4*	*4*	*4*	*4*	*56*	*52*
200,000-249,999	195	262	44.0	59.1	23.6	33.4	20.4	25.7	121	127	*9*	*11*	*6*	*7*	*6*	*7*	*54*	*56*
250,000-299,999	209	265	57.4	73.6	32.5	39.8	24.9	33.9	156	150	*10*	*11*	*7*	*9*	*7*	*8*	*57*	*54*
300,000-349,999	214	219	69.3	71.2	38.3	36.9	31.1	34.4	179	168	*10*	*9*	*9*	*9*	*8*	*8*	*55*	*52*
350,000-399,999	176	193	65.9	72.0	34.9	36.8	31.0	35.2	198	191	*8*	*8*	*8*	*9*	*8*	*8*	*53*	*51*
400,000-449,999	162	172	68.4	73.0	37.7	40.0	30.7	32.9	233	233	*7*	*7*	*9*	*9*	*9*	*9*	*55*	*55*
450,000-499,999	129	113	60.9	53.4	34.5	31.7	26.4	21.7	268	281	*6*	*5*	*8*	*7*	*7*	*7*	*57*	*59*
500,000-599,999	161	161	87.9	88.2	53.0	52.1	34.9	36.0	329	324	*7*	*7*	*11*	*11*	*11*	*11*	*60*	*59*
600,000-699,999	104	74	67.1	47.8	38.8	31.2	28.3	16.7	373	421	*5*	*3*	*8*	*6*	*8*	*7*	*58*	*65*
Os cionn 700,000	205	202	211.1	205.8	133.8	127.1	77.3	78.7	653	629	*9*	*9*	*27*	*25*	*29*	*27*	*63*	*62*
Iomlán	**2,169**	**2,360**	**793.6**	**816.0**	**462.4**	**471.0**	**331.2**	**345.0**	**213**	**200**	**100**	**100**	**100**	**100**	**100**	**100**	**58**	**58**

Foinse: NMA
Figiúirí arna gcoigeartú ar mhaithe le cothromú.
** Gach táirgeoir gníomhach cláraithe a sholáthraíonn bainne lena theaschóireáil lena ól ina leacht, lena n-áirítear táirgeoirí gan conarthaí cláraithe do na blianta 2006/2007 agus 2005/06.*

AGUISÍN 4
STRUCHTÚR SOLÁTHAIRTÍ BAINNE TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA B

	Táirgeoirí										Soláthairtí									
Bandaí Soláthair Bhliantúil	Gach Táirgeoir Gníomhach		Táirgeoirí Cláraithe Gníomhacha*		Gach Táirgeoir		Táirgeoirí Cláraithe Gníomhacha*		Táirgeoirí Cláraithe Gníomhacha* mar % de na Táirgeoirí go léir		Soláthairtí Baile		Soláthairtí ó Tháirgeoirí Cláraithe		% de Sholáthairtí ó Gach Táirgeoir		% de Sholáthairtí ó Tháirgeoirí Cláraithe		% de Sholáthairtí Baile ó Tháirgeoirí Cláraithe	
	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06	06/07	05/06
Lítir	Líon	Líon	Líon	Líon	%	%	%	%	%	%	ml	ml	ml	ml	%	%	%	%	%	%
<50,000	911	1,091	161	166	5	5	7	7	18	15	26	32	3.2	3.5	1	1	0.4	0.4	12	11
50,000-100,000	2,022	2,529	144	166	10	11	7	7	7	65	155	195	10.9	12.3	3	4	1.4	1.5	7	6
100,001-200,000	5,698	6,712	309	367	28	30	14	17	5	54	483	1,021	47.4	56.4	17	20	6.0	6.9	5	6
200,001-250,000	3,119	3,727	195	262	16	17	9	11	6	7	693	835	44.0	59.1	14	16	5.5	7.2	6	7
250,001-300,000	2,306	2,815	209	265	11	13	10	11	9	9	627	769	57.4	73.6	12	15	7.2	9.0	9	10
300,001-350,000	2,113	1,762	214	219	10	8	10	9	10	12	674	569	69.3	71.2	13	11	8.7	8.7	10	13
350,001-400,000	1,391	1,241	176	193	7	6	8	8	13	15	515	460	65.9	72.0	10	9	8.3	8.8	13	16
400,001-450,000	798	657	162	172	4	3	7	7	20	26	336	277	68.4	73.0	7	5	8.6	8.9	20	26
Os cionn 45,000	1,839	1,508	599	550	9	7	28	23	33	36	1,169	949	427	395.2	23	19	53.8	48.4	37	42
Iomlán	**20,197**	**22,042**	**2,169**	**2,360**	**100**	**100**	**100**	**100**	**11**	**11**	**5,059**	**5,106**	**793.6**	**816**	**100**	**100**	**100**	**100**	**16**	**16**

Foinsí: An Roinn Talmhaíochta agus Bia – blianta bainne an AE, 2005/06 agus 2006/07, dar chríoch an 31 Márta 2006 agus 2007 faoi seach.
NMA – Blianta bainne 2005/06 agus 2006/07 dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2006 agus 2007 faoi seach.
** Gach táirgeoir gníomhach cláraithe a sholáthraíonn bainne lena theaschóireáil lena ól ina leacht, lena n-áirítear táirgeoirí gan conarthaí cláraithe do na blianta 2006/07 agus 2005/06.*

AGUISÍN 5
TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2007

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA gCOMHALTAÍ

Le hAcht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceanglaítear ar na comhaltaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne agus ar bharrachas nó easnamh na Gníomhaireachta don tréimhse sin. Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar na comhaltaí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ghníomhaireacht i ngníomh.

De réir an Achta, tá na comhaltaí freagrach as leabhair chuí chuntais agus leabhair agus taifid eile a choimeád de réir mar is gá chun léargas fíor cóir a thabhairt ar ghnó agus ar ghnóthaí na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, tá na comhaltaí freagrach as sócmhainní na Gníomhaireachta a choimirciú agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun cosaint leordhóthanach a sholáthar i dtaca leis sin.

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

DO CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2007 ar ráitis iad ina bhfuil an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí gaolmhara 1 go 11. Rinneadh na ráitis airgeadais sin a ullmhú faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Tugtar an tuarascáil do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 18 (1) d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ar shlí a d'fhágfadh go bhféadfaimis na nithe sin a gceanglaítear orainn iad a lua i dtuarascáil iniúchóra a lua le comhaltaí na Gníomhaireachta, agus ní chun aon chríche eile. Go feadh an méid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon duine seachas an Ghníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta, mar chomhlacht, i leith ár gcuid oibre iniúchóireachta, i leith na tuarascála seo nó i leith na dtuairimí atá foirmithe againn.

Freagrachtaí na gcomhaltaí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Tá na comhaltaí freagrach as an Tuarascáil a ullmhú, lena n-áirítear, mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí, ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an dlí is infheidhme agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nglactar leis i gcoitinne in Éirinn). Is é an fhreagracht atá orainne, mar iniúchóirí neamhspleácha, ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas iomchuí, idir cheanglais dhlíthiúla agus ceanglais rialála, agus de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaimid ár dtuairim daoibh i dtaobh an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir Cleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn.

An bonn leis an tuairim iniúchóireachta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna, agus leis na nithe a nochtar, sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnacht ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na comhaltaí le linn na ráitis airgeadais a ullmhú agus i dtaobh an oireann na polasaithe cuntasaíochta d'imthosca na Gníomhaireachta, an gcuirtear i bhfeidhm go comhréireach iad agus an ndéantar iad a nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ar shlí ina bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar a bheadh riachtanach chun fianaise leordhóthanach a thabhairt dúinn a d'fhágfadh go bhféadfaí a bheith réasúnta deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha cibé acu calaois nó mí-rialtacht nó earráid eile is cúis leis. Le linn ár dtuairim a fhoirmiú rinneamar measúnú ar dhóthanacht fhoriomlán na slí inar cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom, de réir Cleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2007 agus ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

DELOITTE & TOUCHE

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath
27 Márta 2008

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007

	Nótaí	**2007** €	2006 €
Ioncam			
Tobhach bainne – oibríochtaí leantacha	*2*	**584,881**	583,364
Ioncam eile	*3*	**48,458**	30,784
		633,339	614,148
Caiteachas			
Tuarastail agus aoisliúntas		**396,955**	371,039
Costais riaracháin	*4*	**225,246**	234,322
Díluachadh		**4,110**	3,404
		626,311	608,765
Barrachas/(easnamh) don bhliain	*10*	**7,028**	5,383

Arna cheadú ag na Comhaltaí ar an: 27 Márta 2008

Denis Murphy
Cathaoirleach

Eamonn Bray
Comhalta

CLÁR COMHARDAITHE

AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní inláimhsithe	6	**4,881**	6,590
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	7	**105,762**	97,159
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	8	**1,256,351**	1,197,417
		1,362,113	1,294,576
CREIDIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	9	**(646,088)**	(587,288)
Glan-Sócmhainní Reatha		**716,025**	707,288
Glan-Sócmhainní		**720,906**	713,878
Arna Maoiniú Le:			
Ciste carnaithe	10	**720,906**	713,878

Arna cheadú ag na Comhaltaí ar an: 27 Márta 2008

Denis Murphy
Cathaoirleach

Eamonn Bray
Comhalta

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007

	2007	2006
	€	€
Gníomhaíochtaí Oibríochta		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta (Nóta (a))	**12,877**	92,380
Torthaí ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadaithe		
Ús a fuarthas	**48,458**	30,784
Caiteachas caipitiúil		
Íocaíochtaí chun sócmhainní dochta inláimhsithe a fháil	**(2,401)**	(3,155)
Méadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh (Nóta (b))	**58,934**	120,009

RÉITEACH AN RÁITIS SREABHAIDH AIRGID IN AGHAIDH GLUAISEACHTA I nGLANCHISTÍ

	2007	2006
	€	€
Méadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**58,934**	120,009
Gluaiseacht sna glanchistí don bhliain	**58,934**	120,009
Glanchistí ag tús na bliana	**1,197,417**	1,077,408
Glanchistí ag deireadh na bliana (féach Nóta (b))	**1,256,351**	1,197,417

RÉITEACH AN RÁITIS SREABHAIDH AIRGID IN AGHAIDH GLUAISEACHTA I nGLANCHISTÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007

Nóta (a)

Comhréiteach an bharrachais oibríochta in aghaidh an ghlan-insreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta

	2007	2006
	€	€
Barrachas don bhliain	**7,028**	5,383
Díluachadh	**4,110**	3,404
(Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe	**(8,603)**	11,356
Méadú ar chreidiúnaithe	**58,800**	103,021
Ús a fuarthas	**(48,458)**	(30,784)
	12,877	92,380

Note (b)

	Ar an 1 Eanáir 2007	Sreabhaidh airgid	**Ar an 31 Nollaig 2007**
	€	€	**€**
Anailís ar athruithe ar ghlanchistí			
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	57,737	(28,247)	**29,490**
Taiscí airgid thirim	1,139,680	87,181	**1,226,861**
	1,197,417	58,934	**1,256,351**
Ghlanchistí	1,197,417	58,934	**1,256,351**

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

(a) Nósmhaireacht chuntasaíochta

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú faoin nósmhaireacht chostais stairiúil.

(a) Díluachadh

Déantar díluachadh a ríomh chun costas sócmhainní dochta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré fhóinteach ionchasach mar a leanas:

Troscán	10 bliana
Trealamh oifige	5 bliana
Trealamh ríomhaire	3 bliana

(c) Scéim Aoisliúntais

Tá comhairleoir pinsean na Gníomhaireachta tar éis an dréacht críochnaitheach de scéim aoisliúntais fhoireann na Gníomhaireachta dá dtagraítear i mír 14 den Sceideal a ghabhann le hAcht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, a chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus na Roinne Airgeadais lena cheadú.

Tá daingniú tugtha ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht go n-iompróidh an Státchiste an costas a ghabhann leis na sochair aoisliúntais go léir a íoc le fostaithe inphinsin na Gníomhaireachta, agus i leith na bhfostaithe sin, ach sin faoi réir an Ghníomhaireacht d'íoc na ranníocaí fostóra agus fostaí go léir atá bailithe go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia (féach nóta 11).

Tá ranníocaí bliantúla na Gníomhaireachta i leith sochar aoisliúntais foirne bunaithe ar chomhairle achtúireach agus déantar iad a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

Déantar ranníocaí aoisliúntais arna n-íoc ag an nGníomhaireacht agus ag daoine de chuid a foirne a shealbhú i gcuntas bainc ar leithligh (féach nóta 8).

2. AN TOBHACH BAINNE

Tá tobhach 0.127 cent in aghaidh an lítir bainne a cheannaítear lena phróiseáil lena ól ina leacht iníoctha ag próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Maidir leis an tobhach bainne is infhaighte agus a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, tá sé bunaithe ar thuairisceáin a fhaightear ó phróiseálaithe nó ar a soláthair mheasta bainne i gcás nach bhfaightear tuairisceáin.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007 (ar leanúint)

3. IONCAM EILE

	2007	2006
	€	€
Ús ar thaiscí	**48,458**	30,784

4. COSTAIS RIARACHÁIN

	2007	2006
	€	€
Caiteachais foirne	**48,990**	53,800
Oiliúint agus oideachas	**3,500**	7,000
Caiteachais chomhaltaí	**27,785**	24,283
Luach saothair an Chathaoirligh (lena n-áirítear riaráistí €2,882 don bhliain 2006)	**13,382**	7,618
Stáiseanóireacht	**6,345**	6,082
Tuarascáil bhliantúil	**22,057**	29,075
Teileafón	**9,820**	7,794
Postas	**3,193**	5,500
Foilseacháin	**790**	1,516
Táillí dlí	**2,490**	5,681
Sainchomhairle ríomhaireachta	**4,919**	8,313
Táillí iniúchóireachta	**5,138**	4,421
Cíos	**44,852**	44,858
Árachas	**3,432**	3,721
Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla	**6,884**	3,300
Deisiúcháin agus athnuachan	**5,900**	3,971
Ilghnéitheach	**15,769**	17,389
	225,246	234,322

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007 (ar leanúint)

5. CÁNACHAS

Tá an Ghníomhaireacht curtha san áireamh mar chomhlacht díolmhaithe faoin Ordú um an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú ar Sceideal 4), 2002, le héifeacht ón 30 Nollaig 1994.

6. SÓCMHAINNÍ DOCHTA INLÁIMHSITHE

	Troscán	Trealamh oifige	Trealamh ríomhaire	Iomlán
	€	€	€	€
Costas:				
Ar an 1 Eanáir 2007	12,658	20,126	62,641	95,425
Breisithe	–	–	2,401	2,401
Ar an 31 Nollaig 2007	12,658	20,126	65,042	97,826
Díluachadh:				
Ar an 1 Eanáir 2007	10,411	18,548	59,876	88,835
Muirearaithe sa bhliain	367	1,132	2,611	4,110
Ar an 31 Nollaig 2007	10,778	19,680	62,487	92,945
Leabharmhéideanna glana:				
Ar an 31 Nollaig 2007	1,880	446	2,555	4,881
Ar an 31 Nollaig 2006	2,247	1,578	2,765	6,590

7. FÉICHIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2007	2006
	€	€
Tobhach bainne atá infhaighte	**83,461**	82,416
Réamhíocaíochtaí	**10,507**	10,726
Féichiúnaithe eile	**11,794**	4,017
	105,762	97,159

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007 (ar leanúint)

8. AIRGEAD SAN BHANC AGUS AR LÁIMH

Amhail ar an 31 Nollaig 2007 bhí suim €577,589 (2006: €515,216) á sealbhú i gcuntas bainc ar leithligh i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí i ndáil leis an scéim aoisliúntais d'fhoireann na Gníomhaireachta, ar scéim í atá le ceadú ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus ag an Roinn Airgeadais (féach nótaí l (c) agus 11).

9. CREIDIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2007	2006
	€	€
Ranníocaí pinsin	**577,589**	515,216
Méideanna fabhraithe agus creidiúnaithe eile	**59,659**	66,830
ÍMAT/ÁSPC	**8,840**	5,242
	646,088	587,288

10. COMHRÉITEACH GLUAISEACHTA SA CHISTE CARNAITHE

	2007	2006
	€	€
Barrachas carnaithe arna thabhairt ar aghaidh	**713,878**	708,495
Barrachas don bhliain	**7,028**	5,383
Ciste carnaithe arna thabhairt ar aghaidh	**720,906**	713,878

11. GEALLTANAIS MAIDIR LE hAOISLIÚNTAS

De réir fhorálacha Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne scéim aoisliúntais a bhunú d'fhoireann na Gníomhaireachta ar scéim í a oibreofar mar scéim sochair shainmhínithe. Tá comhairleoir pinsean na Gníomhaireachta tar éis an dréacht críochnaitheach den scéim aoisliúntais a chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus na Roinne Airgeadais agus táthar ag feitheamh le ceadú ina leith. I rith na bliana 2007, chuir an Roinn Talmhaíochta agus Bia in iúl don Ghníomhaireacht go raibh ceadú tugtha ag an Roinn Airgeadais maidir leis an scéim pinsin a oibriú ar bhonn riaracháin lena n-áirítear Scéim do Chéilí agus Leanaí.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2007 (ar leanúint)

11. GEALLTANAIS AOISLINTAIS (ar leanúint)

Tá measúnú déanta ag achtúire cáilithe gairmiúil ar ranníocaí bliantúla na Gníomhaireachta agus muirearaítear na ranníocaí sin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad. Ba é a bhí sa mhuirear don bhliain reatha ná €45,596 (2006: €44,826). Déantar ranníocaí aoisliúntais na Gníomhaireachta agus na ranníocaí aoisliúntais a bhailítear ó fhostaithe a shealbhú i gcuntas bainc ar leithligh agus íocfar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia iad nuair a dhéantar an scéim aoisliúntais a cheadú go críochnaitheach. Ar an 31 December 2007, ba é a bhí sa mhéid a bhí á shealbhú sa chuntas bainc ar leithligh ná €577,589 (2006: €515,216) (féach nóta 8).

Ní mór Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 ("FRS 17") a chur i bhfeidhm ina iomláine i dtréimhsí cuntasaíochta dar tús an 1 Eanáir 2005 nó dá éis. In imthosca áirithe, ceadaítear le FRS 17 cuntas a thabhairt i leith scéimeanna sochair shainmhínithe amhail is dá mba scéimeanna ranníoca shainmhínithe iad gan aon cheanglas ann maidir le cuntas a thabhairt ar luach cothrom shócmhainní agus dhliteanais na scéime nó maidir le dliteanais na scéime a nochtadh.

Tá daingniú tugtha ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne go ndéanfaidh an Státchiste, faoi réir an Ghníomhaireacht d'íoc na ranníocaí fostóra agus fostaí go léir atá bailithe go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, an costas a iompar a ghabhann leis na sochair aoisliúntais go léir a íoc le fostaithe inphinsin na Gníomhaireachta, agus i leith na bhfostaithe sin. Dhaingnigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia nach rachaidh ráta bliantúil an ranníoca fostóra thar 16.67% de thuarastail.

Tá daingniú tugtha ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia don Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne freisin á rá, faoi réir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne do dhéanamh na n-íocaíochtaí a shonraítear sa mhír sin roimhe seo, go nglacfaidh sí freagracht as teidil aoisliúntais chomhaltaí na scéime beartaithe, ar teidil iad a éiríonn as a gcomhaltas sa scéim sin, agus teidil chomhaltaí sheanscéim phinsin Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath a íoc.

Dá réir sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne, ó tharla go mbeidh an éifeacht chéanna airgeadais ag an socrú sin le scéim sochair shainmhínithe, nach gá aon ábhar a nochtadh de bhun FRS 17.

AGUISÍN 6

REACHTANNA AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A BHAINEANN LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT

Reachtanna

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1995

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1996

Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2) 2002

Ionstraimí Reachtúla

I.R. Uimh. 409 de 1994 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne a Bhunú), 1994

I.R. Uimh. 460 de 1994 – An tOrdú um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 1994

I.R. Uimh. 234 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Comhaltaí), 1995

I.R. Uimh. 252 de 1995 – An tOrdú um Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) 1994 (Alt 5) (Tosach Feidhme), 1995

I.R. Uimh. 253 de 1995 – Ordú an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Tobhach), 1995

I.R. Uimh. 254 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Míonna Geimhridh), 1995

I.R. Uimh. 309 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin a Chúlghairm), 1995

I.R. Uimh. 347 de 1995 – Rialacháin an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Tuairisceáin Tobhaigh), 1995

I.R. Uimh. 348 de 1995 – Rialacháin an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Iarratas ar Chlárúchán), 1995

I.R. Uimh. 265 de 1996 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Táillí), 1996

I.R. Uimh. 184 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 1997

I.R. Uimh. 185 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh), 1997

I.R. Uimh. 271 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh) (Leasú), 2000

I.R. Uimh. 272 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 2000

I.R. Uimh. 368 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 2003

I.R. Uimh. 369 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh) (Leasú), 2003

I.R. Uimh. 471 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh) (Leasú), 2006

I.R. Uimh. 472 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 2006

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Teach IPC, 35-39 Bóthar Shíol Bhroin
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: 01 660 3396
Facs: 01 660 3389
Ríomhphost: natmilk@eircom.net
Idirlíon: www.nationalmilkagency.ie